



**Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge den
Oireachtas**

Dé Céadaoin, 5 Deireadh Fómhair 2022

**Aitheasc Aontas Múinteoirí Éireann don Chomhchoiste ar an ábhar ‘An Córas
Díolúintí i leith Staidéar na Gaeilge sa Mheánscolaíocht’.**

Aitheasc Aontas Múinteoirí Éireann do Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge

5 Deireadh Fómhair 2022

Gabhann Aontas Múinteoirí Éireann buíochas le Cathaoirleach Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge den Oireachtas, Aengus Ó Snodaigh, Teachta Dála, as an gcuireadh thar ceann an Choiste aitheasc a thabhairt don Chomhchoiste ar an ábhar ‘An Córas Díolúintí i leith Staidéar na Gaeilge sa Mheánscolaíocht.’

Tugann Aontas Múinteoirí Éireann (AMÉ) ionadaíocht do mhúinteoirí iar-bhunscoile, do léachtóirí sna hollscoileanna teicneolaíochta agus do bhaill foirne eile in earnálacha agus i seirbhísí oideachais (20,500 ball). Déanaimid ionadaíocht thar ceann múinteoirí san uile chineál iar-bhunscoile: coláistí pobail agus gairmscoileanna de chuid na mBord Oideachas agus Oiliúna; meánscoileanna; pobalscoileanna; agus scoileanna cuimsitheacha.

Is do scoláirí ó thar lear (nó a chaith tréimhse trí bliana ar a laghad thar lear) agus do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachas dianseasamhacha acu is mó a dheonaítear díolúintí ó staidéar ar an nGaeilge. Léiríonn an fhaisnéis uile gur i scoileanna de chuid na mBord Oideachas agus Oiliúna agus sna pobalscoileanna atá an cion is mó de scoláirí ón iasacht agus an cohórt is mó de scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Mar a léirigh Fischer (2016:17):

“Community schools and vocational or technical schools under VEC (and now ETB) management cater for a much more diverse school population and for a disproportionate number of immigrants or children of immigrants.”

Tá córas na ndíolúintí ó staidéar ar an nGaeilge lochtach agus tá sé míshásúil, dar le hAontas Múinteoirí Éireann (AMÉ). Is é croílár na faidhbe ná líon na ndíolúintí a dheonaítear ag an leibhéal iar-bhunscoile ar bhonn deacrachtaí foghlama; tá formhór na scoláirí ag an leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile araon a ndeonaítear díolúintí ó staidéar ar an nGaeilge dóibh sa chatagóir seo. Mhaithfí don té a mheasfadh gur proisreas uathoibríoch é den chuid is mó an deonú díolúine.

Sular eisíodh Ciorcláin leasaithe na Roinne Oideachais ar dheonú díolúintí in 2019, chonaethas gur deonaíodh idir 40% agus 52% de na díolúintí ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile araon go mícheart nó go míchuí ach is amhlaidh an scéal go fóill, de réir gach aon chosúlachta.

Cé is moite de chorrhbhliain anseo is ansiúd (ag brath ar chúinsí éagsúla, cúrsaí déimeagrafacha agus inimirce, san áireamh), tá ardú leanúnach, comhsheasmhach tar éis teacht ar líon na ndíolúintí a cheadaítear; tháinig ardú 170% ar líon na ndíolúintí a deonaíodh idir 2004 agus 2019.

Deonaíodh díolúine ón nGaeilge do 2.5% de scoláirí iar-bhunscoile in 1999 ach bíonn díolúine ag os cionn 11% díobh le blianta beaga anuas, rud a chuireann ar neamhní aidhm na Roinne Oideachais gur rud “annamh” agus “eisceachtúil” a bheadh sa díolúine. Aontaíonn Múinteoirí Éireann leo siúd a áitíonn nár cheart go mbeadh díolúine ach ag 2-3% de phobal na scoile.

Is ábhair inmí faoi leith d’Aontas Múinteoirí Éireann:

- 1) an borradh seasta ar líon na ndíolúintí a dheonaítear ag an leibhéal iar-bhunscoile (méadú 32% sna sé bliana deireanacha)
- 2) an t-ardú as éadan ar líon na ndíolúintí a dheonaítear ar bhonn deacrachtaí foghlama ag an dara leibhéal – ardú 22.8%, ó tugadh an córas leasaithe isteach in 2019 (ó 6026 in 2019 go 7400 in 2022). Caithfear an borradh seasta ar líon na ndíolúintí áirithe seo a mheas i gcomhthéacs an laghadaithe suntasach ar an ráta inimirce go hÉirinn le blianta beaga anuas (ó 34,000 inimirceach in 2018 go 28,900 inimirceach in 2020).
- 3) an t-ardú as éadan ar líon na ndíolúintí a deonaíodh do scoláirí sa séú bliain ar an bhforas céanna – ardú 47% sa tréimhse 2019 - 2021
- 4) an cion de dhaltáí an Teastas Shóisearaigh agus daltaí Ardteistiméireachta a mbíonn díolúine acu ach a thugann faoi theanga Eorpach eile (idir 55% agus 74%, ag brath ar an mbliain)
agus
- 5) an cohórt de scoláirí Ardteistiméireachta nach ndéanann aon scrúdú Ardteistiméireachta sa Ghaeilge – 22% in 2022 (bíonn díolúine ag 60%-70% acu).

Líon iomlán na ndíolúintí a deonaíodh ag an iar-bhunleibhéal ó 2017/18

2017/18	2018/19	2019/20	2020/21	2021/22	Athrú
10,374	10538	12,057	11,097	13,710	Méadú 32%

Líon iomlán na ndíolúintí a deonaíodh ar bhonn Riachtanas Foghlama Oideachais ag an iar-bhunleibhéal ó 2016/17¹

2016/17	2017/18	2018/19	2019/20	2020/21	2021/22	Athrú
4099	4919	5074	6026	6249	7400	Méadú 81%

Tá buairt ar Aontas Múinteoirí Éireann freisin faoin bhforas is nua faoinar féidir díolúine a cheadú; is é sin i gcás “scoláirí a bhfuil ardleibhéal riachtanas éagsúil dianseasmhach acu, ar riachtanais iad atá ina mbac suntasach ar a rannpháirtíocht ina gcuid foghlama agus i saol na scoile” (Alt 2.2.3, Ciorclán 55/2022).

Sna treoracha d’iar-bhunscoileanna a d’eisigh an Roinn Oideachais (2022), is soiléir nach gá go mbeadh deacracht foghlama sainaitheanta ag an scoláire chun díolúine a lorg ar an bhforas nua seo ach go gcuimsíonn sé scoláirí ar mór an crá nó an strus orthu staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge d’ainneoin Pleananna Tacaíochta Scoláire spriocdhírithe indibhidiúlaithe a bheith ann dóibh. ‘Neosfaidh an aimsir’, ar ndóigh, ach tá inmí orainn go mbainfear mí-úsáid as an bhforas nua díolúine seo mar chúis aonair chun díolúine a bhaint amach.

Dar ndóigh, is mór an t-ualach nua ar scoileanna agus ar mhúinteoirí pleananna tacaíochta a chur ar bun do dhaltáí aonair sa chás go gcuireann foghlama na Gaeilge chomh mór sin as

¹ Freagra an Aire Oideachais, Norma Foley, T.D., ar cheisteanna 406 agus 408, Dáil Éireann, 8 Feabhra 2022 agus faisnéis ón Roinn, 28 Meán Fómhair 2022.

dóibh go mbíonn gá lena leithéid agus ní dheacthas i gcomhairle le hAontas Múinteoirí Éireann ina thaobh sin.

Tá dua ag baint le foghlaim teanga ar bith, gan aon agó, ach tá strus ag baint le hábhair scoile eile chomh maith, ar dual don uile scoláire dul i dtaithí air, ach cabhair á fáil ag an scoláire ó fhoireann na scoile. Ní fheictear dúinn gur mó an strus agus an inní a bhaineann le staidéar ar an nGaeilge *per se*, go háirithe má leanann scoláirí ar aghaidh le foghlaim teangacha eile: tá na próisis chognaíocha chéanna i gceist i bhfoghlaim na Gaeilge agus foghlaim teangacha iasachta ar nós na Fraincise nó na Spáinnise.

Tá easpa eolais agus trédhearcachta ag baint le forfheidhmiú an chórais díolúine. Is locht mór é seo, ar cheart a réiteach, dar le hAontas Múinteoirí Éireann.

Thuairiscigh breis agus dhá thrian na bhfreagróirí sa *Suirbhé Gaeilge 2013* go bhfuil dearcadh dearfach acu i leith na Gaeilge agus d'aontaigh breis agus beirt as gach triúr leis an ráiteas ‘gan Ghaeilge, chaillfeadh [Poblacht na hÉireann] a féiniúlacht mar chultúr ar leith go cinnte’. (Darmody agus Daly, 2015). Tugtar le fios, afách, sa taighde a rinne Smyth et al (2011) gurb í an Ghaeilge an t-ábhar is lú a thaitníonn le scoláirí na hArdteistiméireachta (36%) agus an t-ábhar is lú spéise dóibh (32%).

Ní cheapann ach 40% de scoláirí Ardteistiméireachta go bhfuil an Ghaeilge úsáideach ach oiread (ach ceapann dhá thrian díobh go bhfuil an Fhraincis úsáideach, cuir i gcás). Tuairiscíonn ár mbaill in Aontas Múinteoirí Éireann go mbreathnaíonn scoláirí go fuarchúiseach, fuarchroích ar ualach oibre agus fíúntas na n-ábhar scoile éagsúil agus gur dóigh le cion mór scoláirí nach fiú an dua agus an deacracht a bhaineann leis an nGaeilge; gurbh fhearr dóibh díriú ar ábhair eile agus, ina lán cásanna, a gcuid pointí don Lár-Oifig Iontrála a uasmhéadú.

Maítear i d*Tuarascáil Taighde na Cigireachta* (2018:58) go mb’fhéidir go gcuireann fachtóirí a bhaineann le tuismitheoirí le meon diúltach na scoláirí i leith na Gaeilge. Thug roinnt tuismitheoirí le fios do chigirí na Roinne Oideachais nach raibh siad féin in ann cuidiú lena bpáistí agus gur cheap siad “gurbh fhearr an t-am a chaitear ar fhoghlaim na Gaeilge a chaitheamh ar ábhair níos úsáidí mar Bhéarla nó Matamaitic a fhoghlaim”. Deir go leor dár mbaill dúinn go mbreathnaíonn roinnt scoláirí agus a dtuismitheoirí ar an díolúine mar réiteach ar ábhar atá dúshlánach, dar leo, ach mar bhealach éalaithe as. Más ea, is cosúil go bhfuil díolúintí á ndeonú do scoláirí nach bhfuil incháilithe dóibh agus go bhfuil leatrom dá dheasca sin ar a gcomhscoláirí. Más amhlaidh an scéal, is mór an éagóir é.

Aontaíonn Aontas Múinteoirí Éireann leis na hoideachasóirí eile a deir nach bhfuil a leithéid de rud ann agus ‘sain-mhíchumas foghlama teanga’. Deir Wright (2015:42), i dtaca le scoláirí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu nach mbíonn deacrachtaí níos measa acu teangacha a fhoghlaim ná a gcomhscoláirí de dheasca a gcuid míchumas foghlama amháin agus tacaíonn sí le cur chuige na difreála sa teagasc, ranganna beaga, am breise agus measúnachtaí malartacha mar bhealaí chun rochtain ar fhoghlaim an dara teanga a éascú do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu seachas iad a eisiamh ó staidéar ar an dara teanga.

Ceistíonn Sparks (2009) an bunús a bhaineann le diagnóis ‘míchumas foghlama teanga’ agus deir sé (2016: 255) go léirítear san fhaisnéis eimpíreach “that students classified as learning disabled do not regularly fail foreign language courses and that, in fact, most secondary and post-secondary students classified as learning disabled pass foreign language courses”. Is ar an

ábhar sin a mhaímid gur chóir athbhreithniú a dhéanamh ar chritéar 2.2.2 de Chiorclán 55/2022. Tá an critéar róscaoilte agus róchúng; ní theastaíonn ach scór ar an deichiú peircintíl nó faoina bhun ar thriail litrithe **nó** léamh focal **nó** léamhthuiscint. Ní dóigh linn go bhfuil sé seo cuimsitheach go leor; is iomaí scoláire a mbeadh scor faoi bhun an deichiú peircintíl i dtástáil litrithe aige nó aici, cuir i gcás, ach a bheadh in ann tabhairt faoi fhoghlaim na Gaeilge agus dul chun cinn maith a dhéanamh inti. Tá riachtanais speisialta oideachais ag beagnach 10% de dhaltaí i scoileanna lán-Ghaeilge ach ní bac ar bith é sin orthu dul chun cinn maith a dhéanamh sa Ghaeilge. Anuas air sin, léiríonn an lear mór scoláirí a dtugtar díolúine ón nGaeilge dóibh ach a dhéanann an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Spáinnis nó an Iodáilis nach ann don ‘sainmhíchumas foghlama teanga’.

Is ar aimhleas chothú agus chur chun cinn na Gaeilge féin é an borradh seasta ar líon na ndíolúintí ag an leibhéal iar-bhunscolaíochta, dar le hAontas Múinteoirí Éireann, rud a fhágann go gcuirtear ar neamhní aidhmeanna *Stráiteis 20 bliain don Ghaeilge, 2010-2030*.

Gabhaimid míle buíochas leat, a Chathaoirligh, agus le baill uile Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge as an deis chainte a thug an Coiste go flaithiúil dúinn inniu agus as an deis aighneacht a chur faoi bhráid an Choiste.

Ráiteas Tosaigh Iomlán Aontas Múinteoirí Éireann do Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge

Aighneacht agus moltaí Aontas Múinteoirí Éireann do Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge den Oireachtas faoi chóras na ndíolúintí ó staidéar ar an nGaeilge, 5 Deireadh Fómhair 2022

Gabhann Aontas Múinteoirí Éireann buíochas leis an gCathaoirleach, Aengus Ó Snodaigh, Teachta Dála, as an gcuireadh a thabhairt dúinn ár dtuairimí a chur faoi bhráid an Choiste.

Is iomaí fadhb dhíreach agus tháinisteach a ghineann córas na ndíolúintí, gan ach roinnt acu a lua mar seo a leanas:

- ualach breise mífhéarálte ar phríomhoidí, ar mhúinteoirí Gaeilge agus ar Chomhordaitheoirí Riachtanais Speisialta Oideachais ach gan fáil acu ar acmhainní ná leithdháileadh múinteoirí breise
- brú iomarcach, míchuí ar mhúinteoirí Gaeilge cláir shaincheaptha a leagan amach do dhaltaí aonair, go háirithe dóibh siúd ar dúshlán mór dóibh é curaclam Gaeilge a ranga féin
- freastal ar dhaltaí/scoláirí a ligtear dóibh gan an Ghaeilge a dhéanamh (bíodh díolúine acu nó ná bíodh) agus éilimh ó thuismitheoirí go dtabharfaí teagasc breise in ábhair eile dá bpáistí ina háit, d'aineoinn nach féidir go minic - ceal acmhainní agus foirne – ranganna malartacha comhthreomhara a chur ar bun
- brú ó thuismitheoirí ar phríomhoidí díoltúintí a cheadú lasmuigh de théarmaí an Chiorcláin
- easpa freastail ar an nGaeilge ag daltaí bunscoile ach gan aon díolúine ón nGaeilge acu ar rollú san iar-bhunscoil dóibh
- éilimh agus brú ar phríomhoidí ó thuismitheoirí agus ó scoláirí a fhaigheann díolúine ó choláiste de chuid Ollscoil na hÉireann (OÉ) agus ó choláistí agus ollscoileanna comhcheangailte – faoi chritéir dhriúla – go ligfí dóibh éirí as foghlaim na Gaeilge cé nach sásaíonn siad critéir Chiorclán na Roinne Oideachais (55/2022)
- dearcadh diúltach i measc scoláirí agus tuismitheoirí ar an bhfiúntas a bhaineann leis an nGaeilge ó thaobh deiseanna saoil agus deiseanna fostaíochta de
- easpa spéise agus easpa bá leis an nGaeilge ag scoláirí dara leibhéal agus dearcadh comónta ina measc gurb é an Ghaeilge an t-ábhar scoile is deacra
- ionchais mhíreasúnta agus easpa freastail ar riachtanais na múinteoirí Gaeilge, idir oiliúint, fhorbairt phrofisiúnta, am agus acmhainní de

Aontaíonn Aontas Múinteoirí go mba chóir díolúine a bhronnadh i gcásanna annamha agus eisceachtúla (2-3%) chun cabhrú leis na scoláirí is leochailí; páistí ag a bhfuil deacrachtaí foghlama tromchúiseacha de bharr éagumais nó easord sainaitheanta, nó páistí inimirceach a bhfuil dúshlán mhóra le sárú acu. Is dóigh le hAontas Múinteoirí Éireann gur rud maith ann féin é díolúine ó fhoghlaim na Gaeilge do dhaltaí agus do scoláirí áirithe ach i gcúinsí teoranta amháin, agus faoi chritéir a bheadh docht agus teann. Ní mór dianmhonatóireacht leanúnach a bheith ar chur i bhfeidhm na gcritéar sin. Ba chóir athbhreithniú ó bhonn a dhéanamh ar an gcóras reatha, i bhfianaise na ndeacrachtaí soiléire a bhaineann leis.

Ba chóir athbheithniú a dhéanamh ar chóras na ndíolúintí ar na cúiseanna seo a leanas:

1. Neamhréir idir polasaithe oideachais éagsúla an Stáit

Tá córas na ndíolúintí ag teacht salach ar chuid mhaith de na haidhmeanna is bunúsaí i dtaca leis an oideachais de – i gcás na hÉireann de, cuspóirí atá leagtha síos in Alt 6 den Acht Oideachais, 1998, gan ach dhá cheann de na cuspóirí a lua seo thíos:

“comhionannas rochtana ar an oideachas agus comhionannas rannpháirtíochta san oideachas a chur chun cinn” (Alt 6(c))

“go mbainfí úsáid níos mó as an nGaeilge ar scoil agus sa phobal”

(Alt 6(i)).

2. Faillí ar an oideachas ionchuimsitheach

Tá córas na ndíolúintí ag teacht salach ar an taighde oideachasúil idirnáisiúnta ar fhoghlaim an dara teanga ag daoine óga a mbíonn riachtanais speisialta oideachais acu, sa mhéid nach bhfuil a leithéid de rud ann agus sain-mhíchumas foghlama teanga ach tá gach aon chosúlacht ar an scéal go ndeonaítear díolúintí faoin gcóras reatha do dhaltáí agus do scoláirí a mbíonn riachtanais speisialta oideachais acu **nach bac iad d’fhoghlaim na Gaeilge**. Chomh maith leis sin, séanadh ar an oideachas ionchuimsitheach agus ar phrionsabal an chomhionannais deiseanna do dhaltáí, beag beann ar a gcumais, is ea córas na ndíolúintí.

Is croíphrionsabal de chuid an Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachas acu, 2004, é an comhionannas deiseanna agus tacú le scoláirí chun a n-acmhainneacht a chomhlíonadh², bídis láidir nó lag ó thaobh na foghlama de. Tá curaclaim na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna araon deartha agus leagtha amach in oiriúint do réimse iomlán inniúlachta na scoláirí. Tá sé leagtha amach i *Curaclam Teanga na Bunscoile* (2015) gur “do gach páiste sa bhunscoil é an Curaclam Teanga, lena n-áirítear páistí a fhreastalaíonn ar scoileanna speisialta nó ar ranganna speisialta i mbunscoileanna príomhshrutha” agus go dtugann an curaclam tacaíocht do pháistí bunscoile sna Torthaí Foghlama agus sna Contanaim Dul chun Cinn sa churaclam “ar leibhéal a oireann dá gcumas”.

Ar an gcaoi chéanna, is ag an leibhéal inniúlachta a thagann “lena c(h)umas féin” atá sonraíochtaí na Sraithe Sóisearaigh don Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal. Athrú chun donais atá ann, áfach, go bhfuarthas réidh leis an bpáipéar Bonnleibhéal sa Teastas Sóisearach, dar linne.

Siocair gur ann don chóras díolúine, baintear de fhreagracht na Roinne Oideachais freastal mar ba chóir ar dhaltáí na tíre trí chur chuige ionchuimsitheach a chur i bhfeidhm i leith na Gaeilge.

² An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachas acu, 2004; Sprioc 2.

3. Easpa eolais agus trédhearcachta

Aontaíonn Aontas Múinteoirí Éireann leo siúd a léirigh go bhfuil easpa eolais agus trédhearcachta ag baint le córas na ndíolúintí ó fhoghlaim na Gaeilge (Ó Laoire, 2013; Darmody agus Smyth, 2016). Níl fáil (go héasca nó in aon chor) ar fhiricí ná ar fhianaise shoiléir, dheimhnithe i leith fheidhmiú agus riaradh an chórais. Cé is moite den iniúchadh cuimsitheach ar an gcóras a rinne Cigireacht na Roinne Oideachais in 2018, is beag eile atá ar fáil. Ina theannta sin, níorbh fhorléargas é *Tuarascáil Taighde na Cigireachta* ag an am ach cuairteanna cás-staidéir nár chuimsigh ach sé bhunscoil agus sé iarbhunscoil – rud a d’fhág gur dheacair ginearálú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na bproiséas díolmhaithe.

Tá cur chuige difriúil, faoi cheannas dhá aonad difriúla sa Roinn Oideachais, i bhfeidhm maidir le próiseáil thuairisceáin dhíolúine na mbunscoileanna agus na n-iarbhunscoileanna (Rannóg Staidrimh na Roinne i gcás na mbunscoileanna agus an tAonad um Thuismitheoirí, Foghlaimeoirí agus Bunachar Sonraí i gcás na scoileanna dara leibhéal). Fágann sé seo nach ionann an réimse sonraí atá ar fáil sa dá earnáil.

Tá fáil ar shonraí maidir le líon iomlán na scoláirí a bhfuil díolúine ó staidéar na Gaeilge acu i mbliain áirithe ag an leibhéal iar-bhunscoile amháin. Is sna scoileanna a choinnítear thuairisceáin na ndíolúintí, rud a fhágann nach ndéantar go praitic athbhreithniú ar na forais faoina ndeonaítear díolúintí agus cinntiú go gclóitear leis na critéir faoina gceadaítear díolúintí. Dar leis an Institiúid Taighde, Eacnamaíochta agus Sóisialta, tá gá le heolas níos cuimsithí ar phróifíl na ndaltaí/scoláirí a gceadaítear díolúine dóibh ar mhaithe leis an mbeartas poiblí ina thaobh a cheapadh (Darmody agus Smyth, 2015).

Tá eolas ar fáil ar líon na ndíolúintí a cheadaítear gach bliain ach ní dhéantar aon taifead ar **líon na n-iarratas ar dheimhniú díolúine** a dhéantar gach bliain. Bíodh is gur sásra teoranta é an córas achomhairc, ní dhearnadh ach 102 achomharc ó thuismitheoirí ar diúltaíodh díolúine da bpáistí ó bhunú an phroiséis fhoirmiúil in 2019, rud a ardaíonn an cheist seo: an proiséas uathoibríoch é den chuid is mó? Mura gcuirtear in iúl **líon na n-iarratas ar dhíolúine**, ní féidir a dhearbhu nach proiséas é córas na ndíolúintí a fheidhmíonn go huathoibríoch den chuid is mó, nó go hiondúil fiú. Is fabht tromchúiseach é an bearna seo san eolas atá ar fáil, ar ghá a cheartú. An dearcadh comónta é de chuid na dtuismitheoirí a chuireann isteach ar dhíolúine go bhfuiltear i dteideal díolúine go huathfheidhmeach, mura ndiúltaítear ach d’fhíorbheagán iarratas? Mura dtugtar le fios an líon iarratas a dhéantar, cé mhéad díobh a dheonaítear agus cé mhéad díobh a dhiúltaítear, ní féidir aon mheasúnú ceart a dhéanamh ar fheidhmiú an phroiséis.

Ní chuirtear aon eolas ar fáil ach oiread faoi líon na n-iarratas ar dheonú díolúine a dhéantar sna cineálacha éagsúla scoileanna - iar-bhunscoileanna faoi phatrúin dhifriúla – meánscoileanna; coláistí pobail agus gairmscoileanna faoi stiúir na mBord Oideachas agus Oiliúna; scoileanna cuimsitheacha; agus pobalscoileanna. Níl cinnteacht ar bith ann, mar sin, gur mar a chéile a fheidhmíonn an próiseas ó scoil amháin go scoil eile. Is troime an t-ualach ar scoileanna ina mbíonn cohórt mór scoláirí a bhfuil Riachtanais

Speisialta Oideachais acu agus lear mór scoláirí ó thar lear, agus áitimid ar an Roinn Oideachais leithdháileadh breise múinteoirí agus acmhainní a thabhairt do na scoileanna sin.

4. Bearna idir beartas agus cleachtas

Maítear sna Ciorcaláin dhíolúine (54/2022 [bunleibhéal] agus 55/2022 [iar-bhunleibhéal]) gur cheart gur rud “eisceachtúil” a bheadh i ndeónú díolúine ach tá méadú as cuimse tagtha ar líon na ndíolúintí, agus méadú leanúnach, seasta ar líon na ndaltaí ar tugadh díolúine dóibh ó chur i bhfeidhm an chórais nua díolúine in 2019. Tháinig laghdú beag ar sciar na ndíolúintí ag an mbunleibhéal ó chianaibh ach bhí díolúine ag 11% de dhaltá Ardteiste 2020, ardú 7% ar líon na ndíolúintí sa scoilbhliain roimhe sin. Tá méadú gan staonadh ar líon na ndíolúintí a dheonaítear ag an dara leibhéal ar bhonn míchumas foghlama. Níos measa fós, tháinig ardú 47% idir 2019 agus 2020 ar líon na ndaltaí sa séú bliain ar bronnadh díolúine orthu de bharr deacrachtaí foghlama a bheith acu; is deacair dúinn a thuiscint gur sa séú bliain a thioctadh deacracht foghlama thromchúiseach chun cinn den chéad uair.

Ní rud “annamh” ná “eisceachtúil” (mar a mhaígh an Roinn Oideachais go mbeadh) bronnadh díolúintí ar dhaltá bunscoile agus scoláirí iar-bhunscoile; chomh fada siar le 2018, thug an Roinn Oideachais le fios gur deonaíodh beagnach dhá chúigiú de na díolúintí do dhaltá sna bunscoileanna ar tugadh cuairt orthu ag an am go mícheart agus gurbh ionann an líon scoláirí dara leibhéal nach raibh incháilithe do dhíolúine. Is soiléir nach bhfuil téarmaí agus critéir na gCiorclán á gcur i gcrích de réir ghealltanais na Roinne Oideachais féin.

Is faoin Roinn Oideachais é féachaint chuige nach ndeonfaí díolúintí ach go hannamh agus go heisceachtúil agus de réir théarmaí na gCiorclán amháin. Tá beachtú agus sainiú go mór de dhíth ar an téarmaí “annamh” agus ar an téarma “eisceachtúil”.

Cuireann foghlaim an dara teanga go mór le forbairt na scileanna cognaíocha agus smaointeoireachta i measc foghlaimeoirí. Feictear sa taighde a luaitear i dtuarascáil mheáite thaighde na Cigireachta go ndéanann foghlaim an dara teanga tairbhe do gach scoláire, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu nuair a dhéantar difreálú cuí sna curaclaim, sna torthaí foghlama, sna straitéisí teagaisc agus sna modhanna measúnaithe, in oiriúint d’achmhainneacht foghlama teanga na scoláirí sin.

5. An ar aimhleas na Gaeilge féin é an díolúine?

Má leanann an borradh seasta ar líon na ndíolúintí a dheonaítear, nach ar aimhleas chothú agus chur chun cinn na Gaeilge é? Deonaíodh díolúine do 57,776 scoláire dara leibhéal sna cúig bliana a d’imigh tharainn agus níor chláraigh 22% de scoláirí iar-bhunscoile don Ghaeilge san Ardteistiméireacht in aon chor in 2022. Is mór an sciar sin den phobal iomlán ach, níos measa fós, figiúr atá ag dul i méid gach bliain. Cén t-uchtach tabhairt faoin nGaeilge a thugann (agus a thabharfaidh) na saoránaigh seo dá bpáistí féin in imeacht ama? Cén chabhair is féidir leo a thabhairt dá bpáistí nuair a bhíonn deacrachtaí ag a bpáistí lena gcuid oibre baile? Agus más lú an bhá leis an nGaeilge a bhí ag na scoláirí seo ar deonaíodh díolúine dóibh le linn a scolaíochta féin, nach luíonn sé le ciall agus le réasún gur lú an bhá a bheidh acu leis an teanga amach

anseo freisin? An é gur dóichí ná a mhalairt go mbeidh díolúiné ó staidéar ar an nGaeilge á éileamh acu (nó ag go leor acu) dá muirín féin? An fáinné fí é an díolúine sa mhéad sin? Is dóigh linn go gcuireann sé uaillmhian an Stáit cur go mór le líon na ngcainteoirí laethúla ar neamhní.

Tá aidhmeanna an Stáit i leith na Gaeilge leagtha amach sa Straitéis 20 bliain don Ghaeilge 2010-2030. I measc na n-aidhmeanna sin tá:

“úsáid agus eolas ar an nGaeilge a mhéadú mar theanga phobail” ...

... “a chinntiú go bhfuil an oiread saoránach agus is féidir dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla”...

...“cur le méid na dteaghlach ar fud na tíre a bhaineann úsáid as an nGaeilge mar theanga chumarsáide laethúil”...

agus

“dearcthaí diúltacha i leith úsáid na Gaeilge a athrú ar ais agus dearcthaí dearfacha a chothú ina n-áit”.

Is í aidhm na gcuraclam Gaeilge de réir na Straitéise ná “cur ar chumas na ndaltaí an Ghaeilge a labhairt agus a scríobh go cruinn, chomh maith le tuiscint a thabhairt dóibh ar fhiúntas na teanga dúinn mar phobal”.

Ní haon chabair é an díolúine aidhmeanna sin na Straitéise a bhaint amach, dar le hAontas Múinteoirí Éireann.

Moltaí Aontas Múinteoirí Éireann

- Éilimid go ndéanfaí iniúchadh cuimsitheach ar thionchar an Chiorcláin leasaithe (Imlitir 53/2019) ar líon na ndíolúintí a dheonaítear, agus ar chur i bhfeidhm an Chiorcláin ag leibhéal na scoile. Éilimid go rachadh an Roinn Oideachais i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ina thaobh sin. Tugann an Roinn Oideachais le fios sa Chiorclán is nua go bhfuil sé i gceist ag an Roinn “faireachán rialta” agus “athbhreithniú tréimhsiúil” a dhéanamh ar oibriú an Chiorcláin. Ní leor sin, dar linn; athbhreithniú cuimsitheach, foirmiúil, ó bhonn atá riachtanach.
- Molaimid go ndéanfaí athbhreithniú ó bhonn ar choincheap na díolúine i gcás scolairí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais orthu, i bhfianaise na taighde fairsinge nach bhfuil a leithéid de rud agus ‘míchumas foghlama teanga’ ann (Sparks 2009; Sparks 2016; Wight 2015).
- Molaimid go ndéanfaí machnamh ar fheidhm na díolúine i gcás scolairí ón iasacht i bhfianaise thábhacht na Gaeilge maidir le mothú ionannais náisiúnta agus lánpháirtíocht daoine óga i sochaí na hÉireann.
- Iarrfaimid go ndéanfar cinnte de go n-aistreofar faisnéis faoi dhíolúintí ó bhunscoileanna chuig iar-bhunscoileanna.
- Molaimid athmhachnamh ar an gceist cé acu ar chóir nó nár chóir feidhm a bheith ag an díolúine ón nGaeilge i gcás scolairí a thugann faoi theangacha iasachta ionas nach

mbreathnófaí ar an díolúine mar ‘réiteach’ ar dheacrachtaí foghlama agus ar ualach oibre na scoláirí.

- Molaimid go ndearbhófaí nár cheart go ndeonfaí díolúintí ach i gcúinsí “annamha” agus “eisceachtúla” agus go ndéanfaí na téarmaí sin a bheachtú agus a shainiú.
- Tugtar cur síos cuimsitheach i *dTuarascáil Taighde na Cigireachta* (2018) ar na buntáistí iomadúla a bhaineann le foghlaim an dara teanga: molaimid go gcuirfí an pobal i gcoitinne – tuismitheoirí; scoláirí; múinteoirí agus múinteoirí faoi oiliúint san áireamh - ar an eolas faoi fhiúntas agus faoi bhuntáistí iomadúla sochaíocha agus gairmréime na Gaeilge agus an dátheangachais.
- Molaimid go dtógfaí ar phróiseas athbhreithnithe na gcuraclam Gaeilge thar an gcontanam foghlama maidir le tacú le múinteoirí agus múinteoirí faoi oiliúint straitéisí teagaisc a chur in oiriúint do riachtanais an bhfoghlaim uile, gan beann ar a gcumais chognaíocha nó a gcumais acadúla. Ní mór raon tacaíochtaí, oiliúint, áiseanna cuí agus am a chur ar fáil do mhúinteoirí chun cabhrú leo freastal sa seomra ranga teanga ar riachtanais na bhfoghlaim uile.
- Molaimid go bhféachfadh an Roinn Oideachais chuige nach mbeadh aon bhearna ná míthuiscint sna socrúithe díolúine idir cúinsí córais agus scoile, agus idir cúinsí polasaí agus praiticiúla.
- Molaimid go dtreiseofaí go mór ar an monatóireacht a dhéantar ar chur i bhfeidhm chóras na ndíolúintí.
- Molaimid go ndéanfaí taifead ar **líon na n-iarratas ar dhíolúintí** agus go gcuirfí ar fáil an fhaisnéis ar dháileadh na ndíolúintí i raon iomlán na n-iar-bhunscoileanna éagsúla.
- Sa chás go mbíonn deacrachtaí ag foghlaim uile leis an nGaeilge, molaimid go ndéanfaí difreálú ar theagasc na Gaeilge dóibh agus tacú le scoileanna agus múinteoirí Gaeilge go háirithe ina leith sin. Molaimid go mbeadh scrúdú béil ina dhlúthchuid de scrúduithe Ghaeilge an Teastais Shóisearaigh, faoi choimirce Choimisiún na Scrúduithe Stáit agus go mbeadh páipéar Bonnleibhéal in athuir ann chomh maith.
- Molaimid go dtabharfaí acmhainní breise agus leithdháileadh múinteoirí breise do na scoileanna ina bhfuil sciar mór daltaí ó thar lear iontu agus ceadatán ard scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Críoch.

Declan Glynn, Ard-Rúnaí Cúnta, Aontas Múinteoirí Éireann.

Ríphost: dglynn@tui.ie

Uimhir theileafóin: 014922588.

Tagairtí

An Chomhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnaithe CNCM. (2015). Curaclam teanga na bunscoile. Ar fáil ag: <https://curriculumonline.ie/Primary/Curriculum-Areas/Language-New-Junior-infants-2nd-class?lang=ga-IE>.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2018). *Athbhreithniú ar bheartas agus cleachtas maidir le díolúintí ó staidéar na Gaeilge*. Ar fáil ag: https://www.education.ie/ga/Tuismitheoir%C3%AD/Eolas/D%C3%ADol%C3%BAine-%C3%B3nnGaeilge/irish_exemption_review_of_policy_and_practice_ir.pdf

An Roinn Oideachais. (2022). *Exemptions from the Study of Irish: Guidelines for Post-Primary Schools (English-medium)*. Ar fáil ag: <https://www.gov.ie/en/service/irish-exemption/>

Darmody, M. agus Daly, T. (2015). *Dearcadh an Phobail i leith na Gaeilge ar Oileán na hÉireann*. Baile Átha Cliath: Foras na Gaeilge/ESRI.

Darmody, M. & Smyth, E. (2015) *Profile of second-level students exempt from studying Irish*. Working Paper 527, ESRI.

Fischer, K. (2016). *Schools and the Politics of Religion and Diversity in the Republic of Ireland*. Manchester: Manchester University Press.

Ó Laoire, M. (2013). *Tuarascáil ar an Díolúine i leith na Gaeilge mar ábhar iar-bhunscoile*. Baile Átha Cliath: Comhar na Muinteoírí Gaeilge

Smyth, E., J. Banks agus E. Calvert (2011). *From leaving certificate to leaving schools; a longitudinal study of sixth year students*. ESRI/Liffey Press.

Sparks, R. (2009), “If you don’t know where you’re going, you’ll wind up somewhere else: the case of foreign language learning disability”, *Foreign Language Annals*, 42 (1), 7-26.

Sparks, R. (2016), “Myths about foreign language learning and learning disabilities”, *Foreign Language Annals*, 49 (2), 252-270.

Wright, C. (2015), “Students with Learning Disabilities in the Foreign Language Learning Environment and the Practice of Exemption”, *Foreign Language Annals*, 48 (1), 39-55.